# Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

## DÉ LUAIN: SEIRBHÍS I MEASC PHOBAL NA GCAIRDE





**Eochairfhocail: Cairdeas, Freastal**

## Réamhrá

> Is tíolacadh agus grásta ó Dhia é an cairdeas. Is trí na cairde a bheachtaíonn an Tiarna muid, dár dtionlacan i dtreo na haibíochta. Léiríonn na cairde dílse a sheasann sa bhearna baoil linn, grá Dé dúinn, agus a láithreacht chaoin chomhbhách á dtabhairt isteach inár saol acu. Múineann taithí an chairdis dúinn a bheith oscailte, tuisceanach agus comhbhách i leith an duine eile, an scoiteacht chompordach a thréigeadh agus an saol a roinnt le daoine eile. Dá bhrí sin, 'Níl malairt chuí le fáil ar chara dílis; ní féidir a luach a mheas.' (Síorach 6:15).
>
> (An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*, 151)

Is féidir an mhír thuas a léamh mar réamhrá gan aon tagairt a dhéanamh dó, nó é a léamh agus ceol uirlise ar siúl (m.sh. ón albam Ripples of the Divine le Marie Dunne CHF). D'fhéadfaí na ceisteanna seo a chur go neamhfhoirmiúil mar mhalairt ar an méid thuas.

- Conas mar a chabhraíonn na cairde linn éirí aibí?
- Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le scoiteacht chompordach?

Déantar na téamaí seo a phlé go mion ar bhileog oibre 1 thíos.

## Ceol

Baineann na hamhráin seo atá ar fáil ar Spotify, le téama an chairdis – d'fhéadfaí do roghanna a sheinm agus na téamaí éagsúla a chíoradh le cabhair bhileog oibre 2 thíos.

- 'What a Friend We Have in Jesus': Chris Rice: https://open.spotify.com/track/3ZM930bTrc80u-uxBXOpO7g
- 'Friend of God' – Israel Houghton: https://open.spotify.com/track/3p7HRdA0TkzSJhAwgGd-5nv
- 'You've Got a Friend' – Carole King: https://open.spotify.com/track/1qhp50wrFGeZ5Jgin28nwR
- 'Count on Me' – Bruno Mars: https://open.spotify.com/track/3B5UbSndRz907IZhhmUfL
- 'You've Got a Friend in Me' – Randy Newman: https://open.spotify.com/track/2stkLJ0JNcXkIRDNF3ld6c

**PowerPoint**

Is féidir PowerPoint an Luain a úsáid le plé a dhéanamh faoi na téamaí: cairdeas agus freastal.

Luaitear tagairtí ó *Christus Vivit* leis an bPápa Proinsias i gcomhar leis na ceisteanna a d'fhreagródh na daltaí i scríbhinn nó ó bhéal.

**Guí**

A Dhia Ghrámhar,
Cuirim mo chuid cairde i do láthair.
Cosain ó gach olc iad agus treoraigh ar an mbealach sábháilte iad. Deonaigh go dtuigfimid go maith, na hábhair a aontaíonn nó a scarann óna chéile muid,
Na rudaí a chothaíonn nó a chuireann faoi chois muid.
Bronn an tuiscint orainn, neartaigh ár gcroíthe, beannaigh ár ngaolta. Treoraigh ar an mbealach ceart sinn, agus bímis i gcónaí i do sheilbh ghrámhar.
Amen.

(In oiriúint ó 'For my friends', Y*OUCAT Youth Prayer Book*, London: CTS, 2013)



## Bileog Oibre 1

1. Cad iad na tréithe a bhaineann le fíor-chairdeas?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

2. Ainmnigh trí bhealaí ina bhféadfaimis freastal ar ár gcairde.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

3. Conas mar is féidir linne cairdeas a dhéanamh le hÍosa?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

4. Cén fáth gur cuid thábhachtach den chairdeas í an éisteacht?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

5. Conas mar a d'fhéadfaí breathnú ar an gcairdeas a bheith mar aistear?

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

6. Ainmnigh trí bhealaí phraiticiúla ina bhféadfá feabhas a chur ar do chuid cairdis.

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

7. Ainmnigh bealach praiticiúil ina bhféadfá feabhas a chur ar do chairdeas le Dia.

______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________
______________________________________________________________________________

## Bileog Oibre 2

Seinnfidh an t-oide amhrán faoin gcairdeas. Éist leis. Freagair na ceisteanna seo go coinsiasach.

1. Cad atá le rá ag an amhrán maidir leis an gcairdeas?

2. Cén fhreagairt phearsanta a thugann tú don amhrán?

